2026/840

16.4.2026

**RIALACHÁN (AE) 2026/840 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15 Aibreán 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh comhdhúile copair i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás comhdhúile copair, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Is éard atá sa ghrúpa comhdhúl copair meascán Bordeaux, hiodrocsaíd chopair, ocsaclóiríd chopair, ocsaíd chopair agus sulfáit chopair thríbhunúsach, agus tá sé formheasta san Aontas mar shubstaint ghníomhach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) In 2018, chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim réasúnaithe isteach maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh comhdhúile copair ([3]), i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) In 2023, d'fhoilsigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht ar na Treoirluachanna Sláintebhunaithe atá ann cheana le haghaidh copair agus ar mheasúnú nochta ó gach foinse ([4]). Shuigh an tÚdarás nach bhfuil aon riosca sláinte ann faoi bhun na tairsí coinneála copair, is í sin iontógáil 0,07 mg/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae le haghaidh daoine fásta, agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh aon riosca sláinte ag baint leis an nochtadh do chopar atá ann faoi láthair le haghaidh an phobail, lena n-áirítear do leanaí. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach raibh táirgí cosanta plandaí ina gcúis mhór le nochtadh an phobail do chopar.

(5) In 2025, d'fhoilsigh an tÚdarás ráiteas lena dtugtar cothrom le dáta an t-athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh comhdhúile copair ([5]) i bhfianaise na tuairime eolaíche uaidh maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar na Treoirluachanna Sláintebhunaithe agus ar an measúnú nochta ó gach foinse. Ós rud é go bhfuil copar uileláithreach sa chomhshaol, rinne an tÚdarás sonraí ó thrialacha ar iarmhair a thacaíonn le húsáidí atá údaraithe san Aontas a mheas, chomh maith le sonraí faireacháin, chun MRLanna iomchuí a dhíorthú.

---

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

([3]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh comhdhúile copair de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(3):5212, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5212.

([4]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, Tuairim Eolaíoch maidir le hathmheastóireacht ar na Treoirluachanna Sláintebhunaithe atá ann cheana le haghaidh copair agus ar mheasúnú nochta ó gach foinse. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(1):7728, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7728.

([5]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, Ráiteas maidir leis na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh comhdhúile copair a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na tuairime eolaíche ó EFSA maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar na Treoirluachanna Sláintebhunaithe agus ar mheasúnú nochta ó gach foinse. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025;23e9271, https://doi.org/10.2903%2Fj.efsa.2025.9271.

(6) Maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh comhdhúile copair i gcnónna caisiú, cnónna cócó, sméara dubha, eithreoga, sútha craobh, dátaí, ológa boird, cumcuataí, torthaí réaltúla, plumaí láva, cúcamair, gircíní, cúirséid, soilirí, finéal Fhlórans, biabhóga, síolta poipín, síolta seasamain, síolta cadáis, síolta cróch bréige, síolta borráiste, síolta caimilín, pónairí ricne, ológa le haghaidh táirgeadh ola, arbhar Indiach/arbhar, insiltí luibhe ó dhuilleoga sútha talún, fréamhacha biatais siúcra, matán bó-ainmhithe, saill bó-ainmhithe, matán caorach, saill caorach, saill gabhair, matán eachaí, saill eachaí, matán éanlaithe clóis, agus saill ainmhithe talún feirmshaothraithe eile, nó le haghaidh comdhúile copair ar na nithe sin freisin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go léiríonn na MRLanna sin leibhéil reatha an chopair sna táirgí sin agus nach bhfuil aon riosca ag baint leo do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart iad a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a choinneáil ag na leibhéil atá ann cheana agus ba cheart iad a chuimsiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(7) Maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh comhdhúile copair in almóinní, cnónna Brasaíleacha, castáin, cnónna coill, macadaimia, cnónna peacáin, eithní cnónna péine, cnónna pistéise, gallchnónna, úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, silíní, péitseoga, fíonchaora boird, fíonchaora coiteanna, sútha talún, fraocháin, mónóga, cuiríní, spíonáin, mogóirí róis, maoildearga, torthaí ón sceach gheal asaróil, caora troim, cíobhaíonna, prátaí, meacain ragaim, oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil, trátaí, piobair mhilse/chloigíneacha, ubhthorthaí, mealbhacáin, puimcíní, mealbhacáin uisce, cabáistí Síneacha, cáil, ceathrúna uain, leitísí, searbháin muc, biolair agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, ruachán Romhánach, mustard dearg, barra duilleog óga, spionáistí, puirsleáin, seardas/duilleoga biatais, duilleoga fíonchaor, biolair uisce, luibheanna agus bláthanna inite, bliosáin chruinne, cainneanna, ruán, sorgam, leannlusanna, ae muc, ae bó-ainmhithe, ae caorach, matán gabhair, ae gabhair, ae ó ainmhithe talún feirmshaothraithe eile, mil, agus táirgí ó ainmhithe talún fiáine, nó le haghaidh comhdhúile copair ar na nithe sin freisin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin gur cheart na MRLanna sin a ardú chun leibhéil reatha an chopair sna táirgí sin a léiriú. Is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, leibhéil nach bhfuil aon riosca ag baint leo do thomhaltóirí.

(8) Maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh comhdhúile copair sna i 'dtorthaí citris', aibreoga, plumaí, figí, dátphlumaí Seapánacha, lítsíonna, páiseoga, piorraí deilgneacha, réalt-úlla, dátphlumaí Meiriceánacha, abhacáid, bananaí, mangónna, papánna, pomagránaití, céiriomoighe, guábhaí, anainn, torthaí aráin, dúraígh, úlla deilgneacha, casabhaigh, prátaí milse, ionaim, ararúit, meacain bhiatais, meacain dhearga, soiliriac/soilire tornapa, bliosáin ghréine, meacain bhána, fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg, raidisí, salsaibh, svaeideanna, tornapaí, gairleog, oinniúin, seallóidí, ocra, arbhar milis, brocailí, cóiliseacha, bachlóga Bruiséile, cabáistí cinn, cálráibí, sreabháin na Beilge, pónairí (a bhfuil faighneoga orthu), pónairí (gan faighneoga), piseanna (a bhfuil faighneoga orthu), lintilí, lus súgach, cardúin, péacáin bhambú, croíthe pailme, fungais shaothraithe, fungais fhiáine, caonaigh agus léicin, algaí agus orgánaigh phrócaróit, pónairí (tirim), lintilí (tirim), piseanna (tirim), lúipíní/pónairí lúipíní, ros lín, piseanna talún, síolta lus na gréine, síolta ráibe/canóla, pónairí soighe, síolta mustaird, síolta puimcín, síolta cnáibe, eithne pailme ola, torthaí pailme ola, capac, eorna, muiléad coiteann, coirce, rís, seagal, cruithneacht, taenna, pónairí caife, 'insiltí luibhe ó bhláthanna', insiltí luibhe ó rooibos, insiltí luibhe ó mhaité, 'insiltí luibhe ó fhréamhacha', insiltí luibhe ó aon chuid eile den phlanda, pónairí cócó, carúib, 'spíosraí', cánaí siúcra, fréamhacha siocaire, matán mucra, saill mucra, duán mucra, scairteach inite mucra, duán bó-ainmhithe, scairteach inite bó-ainmhithe, duán caorach, scairteach inite caorach, duán gabhar, scairteach inite gabhar, duán eachaí, ae eachaí, scairteach inite eachaí, saill éanlaithe clóis, duán éanlaithe clóis, scairteach inite éanlaithe clóis, matán ainmhithe talún feirmshaothraithe eile, scairteach inite ainmhithe talún feirmshaothraithe eile, scairteach inite ainmhithe feirmshaothraithe eile, 'bainne', agus 'uibheacha éan', nó le haghaidh comhdhúile copair ar na nithe sin freisin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin, cé nach bhfuil aon riosca ag baint leo do thomhaltóirí, gur cheart na MRLanna sin a ísliú chun na leibhéil chopair atá ann faoi láthair sna táirgí sin a léiriú d'fhonn MRLanna a shocrú ar leibhéil atá chomh híseal agus is féidir a bhaint amach go réasúnach. Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu go raibh na leibhéil a mhol an tÚdarás ró-íseal agus nár léirigh siad go leordhóthanach na leibhéil chopair atá ann faoi láthair sna táirgí sin. D'iarr siad am breise chun na sonraí faireacháin ábhartha a chur isteach. Ós rud é gur tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon riosca sláinte ag baint leis an nochtadh do chopar atá ann faoi láthair le haghaidh an phobail, ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ar bun ag na leibhéil atá ann faoi láthair agus iad a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rud a thabharfadh am breise do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara sonraí faireacháin a chur isteach. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin. Ba cheart a chur san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil faoin 30 Meitheamh 2028 arna cur isteach trí na cleachtaí bailithe sonraí faireacháin cheimicigh a dhéanann an tÚdarás ar bhonn bliantúil ([6]).

(9) Ina theannta sin, ós rud é nach raibh roinnt faisnéise ar fáil faoi na modhanna anailíse le haghaidh táirgí de bhunadh plandaí a bhfuil cion ard ola iontu, táirgí tirime de bhunadh plandaí, tae, pónairí caife, pónairí cócó, carúb, leannlusanna, insiltí luibhe, 'spíosraí', agus le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch, mar aon le faisnéis faoi na trialacha ar iarmhair le haghaidh cíobhaíonna, guird a bhfuil craiceann do-ite orthu, biolar uisce agus leannlusanna, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na MRLanna a leagtar amach sa Rialachán seo le haghaidh na dtáirgí sin. San athbhreithniú sin, cuirfear san áireamh an fhaisnéis a bheidh ar fáil faoin 30 Meitheamh 2028.

([6]) Le fáil ar líne: https://www.efsa.europa.eu/ga/resources/data-collection-chemicals.

(10) Mhol an tÚdarás go n-athrófaí an sainmhíniú ar iarmhair go ‘copar iomlán’. Measann an Coimisiún gurb iomchuí an sainmhíniú nua seo ar iarmhair.

(11) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá teorainneacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Aibreán 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an colún seo a leanas in Iarscríbhinn II:

**'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| Códuimhir | Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a]) | Copar iomlán |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 |
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | 20(+) |
| 0110010 | Seadóga | (+) |
| 0110020 | Oráistí | (+) |
| 0110030 | Líomóidí | (+) |
| 0110040 | Líomaí | (+) |
| 0110050 | Mandairíní | (+) |
| 0110990 | Eile (2) | (+) |
| 0120000 | **Cnónna crann** | (+) |
| 0120010 | Almóinní | **40**(+) |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | **40**(+) |
| 0120030 | Cnónna caisiú | 30(+) |
| 0120040 | Castáin | **40**(+) |
| 0120050 | Cnónna cócó | 30(+) |
| 0120060 | Cnónna coill | **40**(+) |
| 0120070 | Macadaimia | **40**(+) |
| 0120080 | Cnónna peacáin | **40**(+) |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | **40**(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0120100 | Cnónna pistéise | **40**(+) |
| 0120110 | Gallchnónna | **40**(+) |
| 0120990 | Eile (2) | 30(+) |
| 0130000 | **Torthaí póma** | **6** |
| 0130010 | Úlla | |
| 0130020 | Piorraí | |
| 0130030 | Cainchí | |
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | |
| 0130050 | Locuatanna | |
| 0130990 | Eile (2) | |
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | |
| 0140010 | Aibreoga | 5(+) |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | **10** |
| 0140030 | Péitseoga | **8** |
| 0140040 | Plumaí | 5(+) |
| 0140990 | Eile (2) | 5(+) |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | |
| 0151000 | (a) **fíonchaora** | **100** |
| 0151010 | Fíonchaora boird | |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | |
| 0152000 | (b) **sútha talún** | **15** |
| 0153000 | (c) **torthaí cána** | 5 (*) |
| 0153010 | Sméara dubha | |
| 0153020 | Eithreoga | |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | |
| 0153990 | Eile (2) | |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0154000 | (d) **torthaí beaga eile agus caora eile** | **15** |
| 0154010 | Fraocháin | |
| 0154020 | Mónóga | |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0154050 | Mogóirí róis | |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | |
| 0154080 | Caora troim | |
| 0154990 | Eile (2) | |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil** | |
| 0161000 | (a) **craiceann inite** | |
| 0161010 | Dátaí | 20 |
| 0161020 | Figí | 20(+) |
| 0161030 | Ológa boird | 30(+) |
| 0161040 | Cumcuait | 20 |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | 20 |
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | 20(+) |
| 0161070 | Plumaí láva | 20 |
| 0161990 | Eile (2) | 20(+) |
| 0162000 | (b) **craiceann do-ite, é beag** | |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | **30**(+) |
| 0162020 | Lítsíonna | 20(+) |
| 0162030 | Páiseoga | 20(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | 20(+) |
| 0162050 | Réalt-úlla | 20(+) |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | 20(+) |
| 0162990 | Eile (2) | 20(+) |
| 0163000 | (c) **craiceann do-ite, é mór** | 20 |
| 0163010 | Abhacáid | (+) |
| 0163020 | Bananaí | (+) |
| 0163030 | Mangónna | (+) |
| 0163040 | Papánna | (+) |
| 0163050 | Pomagránaití | (+) |
| 0163060 | Céiriomoighe | (+) |
| 0163070 | Guábhaí | (+) |
| 0163080 | Anainn | (+) |
| 0163090 | Torthaí aráin | (+) |
| 0163100 | Dúraígh | (+) |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | (+) |
| 0163990 | Eile (2) | (+) |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | |
| 0211000 | (a) **prátaí** | 7 |
| 0212000 | (b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha** | 5(+) |
| 0212010 | Casabhaigh | (+) |
| 0212020 | Prátaí milse | (+) |
| 0212030 | Ionaim | (+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0212040 | Ararút | (+) |
| 0212990 | Eile (2) | (+) |
| 0213000 | (c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra** | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | 5(+) |
| 0213020 | Meacain dhearga | 5(+) |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | 5(+) |
| 0213040 | Meacain ragaim | **6** |
| 0213050 | Bliosáin ghréine | 5(+) |
| 0213060 | Meacain bhána | 5(+) |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | 5(+) |
| 0213080 | Raidisí | 5(+) |
| 0213090 | Salsabh | 5(+) |
| 0213100 | Svaeideanna | 5(+) |
| 0213110 | Tornapaí | 5(+) |
| 0213990 | Eile (2) | 5(+) |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | |
| 0220010 | Gairleog | 5(+) |
| 0220020 | Oinniúin | 5(+) |
| 0220030 | Seallóidí | 5(+) |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | **70** |
| 0220990 | Eile (2) | 5(+) |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | |
| 0231000 | (a) **Solanaceae agus Malvaceae** | |
| 0231010 | Trátaí | **10** |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0231020 | Piobair mhilse/chloigíneacha | **20** |
| 0231030 | Ubhthorthaí | **10** |
| 0231040 | Ocra | 5(+) |
| 0231990 | Eile (2) | 5(+) |
| 0232000 | (b) **guird a bhfuil craiceann inite acu** | 5 |
| 0232010 | Cúcamair | |
| 0232020 | Gircíní | |
| 0232030 | Cúirséid | |
| 0232990 | Eile (2) | |
| 0233000 | (c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu** | **10**(+) |
| 0233010 | Mealbhacáin | (+) |
| 0233020 | Puimcíní | (+) |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | (+) |
| 0233990 | Eile (2) | (+) |
| 0234000 | (d) **arbhar milis** | 10(+) |
| 0239000 | (e) **glasraí eile a thugann torthaí** | 5 |
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | |
| 0241000 | (a) **praiseach bhlátha** | 20(+) |
| 0241010 | Brocailí | (+) |
| 0241020 | Cóilis | (+) |
| 0241990 | Eile (2) | (+) |
| 0242000 | (b) **praiseach chinn** | 20(+) |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile | (+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0242020 | Cabáistí cinn | (+) |
| 0242990 | Eile (2) | (+) |
| 0243000 | (c) **praiseach dhuilleach** | **30** |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | |
| 0243020 | Cáil | |
| 0243990 | Eile (2) | |
| 0244000 | (d) **cálráibí** | 20(+) |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | |
| 0251000 | (a) **leitísí agus plandaí sailéid** | **150** |
| 0251010 | Ceathrúna uain | |
| 0251020 | Leitísí | |
| 0251030 | Searbháin muc | |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus peacáin eile | |
| 0251050 | Biolair thalún | |
| 0251060 | Ruachán Rómhánach | |
| 0251070 | Mustard dearg | |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | |
| 0251990 | Eile (2) | |
| 0252000 | (b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla** | **150** |
| 0252010 | Spionáistí | |
| 0252020 | Puirsleáin | |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | |
| 0252990 | Eile (2) | |
| 0253000 | (c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla** | **30** |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0254000 | (d) **biolair uisce** | **150**(+) |
| 0255000 | (e) **searbháin na Beilge** | 20(+) |
| 0256000 | (f) **luibheanna agus bláthanna inite** | **150** |
| 0256010 | Costóg | |
| 0256020 | Síobhas | |
| 0256030 | Duilleoga soilire | |
| 0256040 | Peirsil | |
| 0256050 | Sáiste | |
| 0256060 | Marós | |
| 0256070 | Tím | |
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite | |
| 0256090 | Duilleog labhrais | |
| 0256100 | Dragan | |
| 0256990 | Eile (2) | |
| 0260000 | **Léagúim** | 20(+) |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu) | (+) |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga) | (+) |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu) | (+) |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga) | (+) |
| 0260050 | Lintilí | (+) |
| 0260990 | Eile (2) | (+) |
| 0270000 | **Glasraí gais** | |
| 0270010 | Lus súgach | 5(+) |
| 0270020 | Cardúin | 20(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0270030 | Soilirí | 20 |
| 0270040 | Finéal Fhlórans | 20 |
| 0270050 | Bliosáin chruinne | **30** |
| 0270060 | Cainneanna | **70** |
| 0270070 | Biabhóg | 20 |
| 0270080 | Péacáin bhambú | 20(+) |
| 0270090 | Croíthe pailme | 20(+) |
| 0270990 | Eile (2) | 20(+) |
| 0280000 | **Fungais, caonaigh agus léicin** | 20(+) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe | (+) |
| 0280020 | Fungais fhiáine | (+) |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin | (+) |
| 0290000 | **Algaí agus orgánaigh phrócaróit** | 20(+) |
| 0300000 | **PISEÁNAIGH** | 20 |
| 0300010 | Pónairí | (+) |
| 0300020 | Lintilí | (+) |
| 0300030 | Piseanna | (+) |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní | (+) |
| 0300990 | Eile (2) | (+) |
| 0400000 | **OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ** | |
| 0401000 | **Olashíolta** | |
| 0401010 | Ros lín | 30(+) |
| 0401020 | Piseanna talún | 30(+) |
| 0401030 | Síolta poipín | 30(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0401040 | Síolta seasamain | 30(+) |
| 0401050 | Síolta lus na gréine | 40(+) |
| 0401060 | Síolta ráibe | 30(+) |
| 0401070 | Pónairí soighe | 40(+) |
| 0401080 | Síolta mustaird | 30(+) |
| 0401090 | Síolta cadáis | 30(+) |
| 0401100 | Síolta puimcín | 30(+) |
| 0401110 | Síolta cróch bréige | 30(+) |
| 0401120 | Síolta borráiste | 30(+) |
| 0401130 | Caimilín | 30(+) |
| 0401140 | Síolta cnáibe | 30(+) |
| 0401150 | Pónairí ricne | 30(+) |
| 0401990 | Eile (2) | 30(+) |
| 0402000 | **Olathorthaí** | 30 |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola | (+) |
| 0402020 | Eithní pailme ola | (+) |
| 0402030 | Torthaí pailme ola | (+) |
| 0402040 | Capac | (+) |
| 0402990 | Eile (2) | (+) |
| 0500000 | **GRÁNAIGH** | |
| 0500010 | Eorna | 10(+) |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile | **20**(+) |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar | 10(+) |
| 0500040 | Muiléad coiteann | 10(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0500050 | Coirce | 10(+) |
| 0500060 | Rís | 10(+) |
| 0500070 | Seagal | 10(+) |
| 0500080 | Sorgam | **20**(+) |
| 0500090 | Cruithneacht | 10(+) |
| 0500990 | Eile (2) | 10(+) |
| 0600000 | **TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB** | |
| 0610000 | **Taenna** | 40(+) |
| 0620000 | **Pónairí caife** | 50(+) |
| 0630000 | **Insiltí luibhe ó** | 100 |
| 0631000 | (a) **bláthanna** | (+) |
| 0631010 | Camán meall | (+) |
| 0631020 | Roiseog | (+) |
| 0631030 | Rós | (+) |
| 0631040 | Seasmain | (+) |
| 0631050 | Teile | (+) |
| 0631990 | Eile (2) | (+) |
| 0632000 | (b) **duilleoga agus luibheanna** | |
| 0632010 | Sú talún | (+) |
| 0632020 | Rooibos | (+) |
| 0632030 | Maité | (+) |
| 0632990 | Eile (2) | (+) |
| 0633000 | (c) **fréamhacha** | (+) |
| 0633010 | Caorthann corraigh | (+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0633020 | Ginsing | (+) |
| 0633990 | Eile (2) | (+) |
| 0639000 | (d) **aon chuid eile den phlanda** | (+) |
| 0640000 | **Pónairí cócó** | 50**(+)** |
| 0650000 | **Carúib** | 20**(+)** |
| 0700000 | **LEANNLUSANNA** | **1 500**(+) |
| 0800000 | **SPÍOSRAÍ** | |
| 0810000 | **Spíosraí ó shíolta** | 40**(+)** |
| 0810010 | Ainís | (+) |
| 0810020 | Calaindí | (+) |
| 0810030 | Soilire | (+) |
| 0810040 | Lus an choire | (+) |
| 0810050 | Cuimín | (+) |
| 0810060 | Lus mín | (+) |
| 0810070 | Finéal | (+) |
| 0810080 | Feinigréag | (+) |
| 0810090 | Noitmig | (+) |
| 0810990 | Eile (2) | (+) |
| 0820000 | **Spíosraí ó thorthaí** | 40**(+)** |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó | (+) |
| 0820020 | Piobar Szechuan | (+) |
| 0820030 | Cearbhas | (+) |
| 0820040 | Cardamam | (+) |
| 0820050 | Caor aitil | (+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán) | (+) |
| 0820070 | Fanaile | (+) |
| 0820080 | Tamarain | (+) |
| 0820990 | Eile (2) | (+) |
| 0830000 | **Spíosraí ó choirt** | 40(+) |
| 0830010 | Cainéal | (+) |
| 0830990 | Eile (2) | (+) |
| 0840000 | **Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm** | |
| 0840010 | Liocras | 40(+) |
| 0840020 | Sinséar (10) | |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma | 40(+) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11) | |
| 0840990 | Eile (2) | 40(+) |
| 0850000 | **Spíosraí ón mbachlóg** | 40(+) |
| 0850010 | Clóibh | (+) |
| 0850020 | Caprais | (+) |
| 0850990 | Eile (2) | (+) |
| 0860000 | **Spíosraí ó phistil bláthanna** | 40(+) |
| 0860010 | Cróch | (+) |
| 0860990 | Eile (2) | (+) |
| 0870000 | **Spíosraí arail** | 40(+) |
| 0870010 | Maicis | (+) |
| 0870990 | Eile (2) | (+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 0900000 | **PLANDAÍ SIÚCRA** | 5 |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra | |
| 0900020 | Cánaí siúcra | (+) |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire | (+) |
| 0900990 | Eile (2) | (+) |
| 1000000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN** | |
| 1010000 | **Tráchtearraí ó** | |
| 1011000 | (a) **mucra** | |
| 1011010 | Matán | 5(+) |
| 1011020 | Saill | 5(+) |
| 1011030 | An t-ae | **60**(+) |
| 1011040 | An duán | 30(+) |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1011990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1012000 | (b) **bó-ainmhithe** | |
| 1012010 | Matán | 5(+) |
| 1012020 | Saill | 5(+) |
| 1012030 | An t-ae | **300**(+) |
| 1012040 | An duán | 30(+) |
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1012990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1013000 | (c) **caoirigh** | |
| 1013010 | Matán | 5(+) |
| 1013020 | Saill | 5(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 1013030 | An t-ae | **300**(+) |
| 1013040 | An duán | 30(+) |
| 1013050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1013990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1014000 | (d) **gabhair** | |
| 1014010 | Matán | **6**(+) |
| 1014020 | Saill | 5(+) |
| 1014030 | An t-ae | **150**(+) |
| 1014040 | An duán | 30(+) |
| 1014050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1014990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1015000 | (e) **each-ainmhithe** | |
| 1015010 | Matán | 5(+) |
| 1015020 | Saill | 5(+) |
| 1015030 | An t-ae | 30(+) |
| 1015040 | An duán | 30(+) |
| 1015050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1015990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1016000 | (f) **éanlaith chlóis** | |
| 1016010 | Matán | 5(+) |
| 1016020 | Saill | 5(+) |
| 1016030 | An t-ae | **60**(+) |
| 1016040 | An duán | 30(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 1016050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1016990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1017000 | (g) **ainmhithe talún feirme eile** | |
| 1017010 | Matán | 5(+) |
| 1017020 | Saill | 5(+) |
| 1017030 | An t-ae | **300**(+) |
| 1017040 | An duán | 30(+) |
| 1017050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | 30(+) |
| 1017990 | Eile (2) | 5(+) |
| 1020000 | **Bainne** | 2(+) |
| 1020010 | Eallach | (+) |
| 1020020 | Caoirigh | (+) |
| 1020030 | Gabhair | (+) |
| 1020040 | Capall | (+) |
| 1020990 | Eile (2) | (+) |
| 1030000 | **Uibheacha éan** | 2(+) |
| 1030010 | An chearc | (+) |
| 1030020 | Lacha | (+) |
| 1030030 | Géanna | (+) |
| 1030040 | Gearg | (+) |
| 1030990 | Eile (2) | (+) |
| 1040000 | **Mil agus táirgí beachaireachta eile** (7) | **1,5**(+) |
| 1050000 | **Débheathaigh agus Reiptílí** | **6**(+) |
| 1060000 | **Ainmhithe inveirteabracha talún** | **6**(+) |

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| 1070000 | **Ainmhithe veirteabracha talún fiáine** | **70**(+) |
| 1100000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)** | |
| 1200000 | **TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)** | |
| 1300000 | **TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)** | |

(*) Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

(+) Comhcheangal táirgí lotnaidicídí a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

**Copar iomlán**

Tá roinnt faisnéise faoi shonraí faireacháin sainaitheanta ag an gCoimisiún Eorpach mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
**0110000 Torthaí citris**
**0110010 Seadóga**
**0110020 Oráistí**
**0110030 Líomóidí**
**0110040 Líomaí**
**0110050 Mandairíní**
**0110990 Eile (2)**
**0161020 Figí**
**0161060 Dátphlumaí Seapánacha**
**0161990 Eile (2)**
**0162020 Lítsíonna**
**0162030 Páiseoga**
**0162040 Piorraí deilgneacha**
**0162050 Réalt-úlla**
**0162060 Dátphlumaí Meiriceánacha**
**0162990 Eile (2)**
**0163020 Bananaí**
**0163030 Mangónna**
**0163040 Papánna**
**0163050 Pomagránaití**
**0163060 Céiriomoighe**
**0163070 Guábhaí**
**0163080 Anainn**
**0163090 Torthaí aráin**
**0163100 Dúraígh**
**0163110 Úlla deilgneacha**
**0163990 Eile (2)**
**0212000 (b) glasraí fréimhe agus tiúbair thrópaiceacha**
**0212010 Casabhaigh**
**0212020 Prátaí milse**
**0212030 Ionaim**
**0212040 Ararút**

**0212990 Eile (2)**
**0213010 Meacain bhiatais**
**0213020 Meacain dhearga**
**0213030 Soiliriac/soilire tornapa**
**0213050 Bliosáin ghréine**
**0213060 Meacain bhána**
**0213070 Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg**
**0213080 Raidisí**
**0213090 Salsabh**
**0213100 Svaeideanna**
**0213110 Tornapaí**
**0213990 Eile (2)**
**0220010 Gairleog**
**0220020 Oinniúin**
**0220030 Seallóidí**
**0220990 Eile (2)**
**0231040 Ocra**
**0231990 Eile (2)**
**0234000 (d) arbhar milis**
**0241000 (a) praiseach bhlátha**
**0241010 Brocailí**
**0241020 Cóilis**
**0241990 Eile (2)**
**0242000 (b) praiseach chinn**
**0242010 Bachlóga Bruiséile**
**0242020 Cabáistí cinn**
**0242990 Eile (2)**
**0244000 (d) cálráibí**
**0255000 (e) sreabháin na Beilge**
**0260000 Léagúim**
**0260010 Pónairí (a bhfuil faighneoga orthu)**
**0260020 Pónairí (gan faighneoga)**
**0260030 Piseanna (a bhfuil faighneoga orthu)**
**0260040 Piseanna (gan faighneoga)**
**0260050 Lintilí**
**0260990 Eile (2)**
**0270010 Lus súgach**
**0270020 Cardúin**
**0270080 Péacáin bhambú**
**0270090 Croíthe pailme**
**0270990 Eile (2)**
**0280000 Fungais, caonaigh agus léicin**
**0280010 Fungais shaothraithe**
**0280020 Fungais fhiáine**
**0280990 Caonaigh agus léicin**
**0290000 Algaí agus orgánaigh phrócaróit**
**0900020 Cánaí siúcra**
**0900030 Fréamhacha siocaire**
**0900990 Eile (2)**

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**0120000 Cnónna crann**
**0120010 Almóinní**
**0120020 Cnónna Brasaíleacha**
**0120030 Cnónna caisiú**
**0120040 Castáin**
**0120050 Cnónna cócó**
**0120060 Cnónna coill**
**0120070 Macadaimia**
**0120080 Cnónna peacáin**
**0120090 Eithní cnónna péine**
**0120100 Cnónna pistéise**
**0120110 Gallchnónna**
**0120990 Eile (2)**
**0140010 Aibreoga**
**0140040 Plumaí**
**0140990 Eile (2)**
**0161030 Ológa boird**
**0163010 Abhacáid**
**0401030 Síolta poipín**
**0401040 Síolta seasamain**
**0401090 Síolta cadáis**
**0401110 Síolta cróch bréige**
**0401120 Síolta borráiste**
**0401130 Caimilín**
**0401150 Pónairí ricne**
**0402010 Ológa le haghaidh táirgeadh ola**
**0500020 Ruán agus bréag-ghránaigh eile**
**0500030 Arbhar Indiach/arbhar**
**0500080 Sorgam**
**0632010 Sútha talún**

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**0162010 Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)**
**0233000 (c) guird a bhfuil craiceann do-ite orthu**
**0233010 Mealbhacáin**
**0233020 Puimcíní**
**0233030 Mealbhacáin uisce**
**0233990 Eile (2)**
**0254000 (d) biolair uisce**

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Ina theannta sin, tá roinnt faisnéise faoi shonraí faireacháin sainaitheanta ag an gCoimisiún Eorpach mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**0300010 Pónairí**
**0300020 Lintilí**
**0300030 Piseanna**
**0300040 Lúipíní/pónairí lúipíní**
**0300990 Eile (2)**
**0401010 Ros lín**

**0401020 Piseanna talún**
**0401050 Síolta lus na gréine**
**0401060 Síolta ráibe**
**0401070 Pónairí soighe**
**0401080 Síolta mustaird**
**0401100 Síolta puimcín**
**0401140 Síolta cnáibe**
**0401990 Eile (2)**
**0402020 Eithní pailme ola**
**0402030 Torthaí pailme ola**
**0402040 Capac**
**0402990 Eile (2)**
**0500010 Eorna**
**0500040 Muiléad coiteann**
**0500050 Coirce**
**0500060 Rís**
**0500070 Seagal**
**0500090 Cruithneacht**
**0500990 Eile (2)**
**0610000 Taenna**
**0620000 Pónairí caife**
**0631000 (a) bláthanna**
**0631010 Camán meall**
**0631020 Roiseog**
**0631030 Rós**
**0631040 Seasmain**
**0631050 Líoma**
**0631990 Eile (2)**
**0632020 Rooibos**
**0632030 Maité**
**0632990 Eile (2)**
**0633000 (c) fréamhacha**
**0633010 Caorthann corraigh**
**0633020 Ginsing**
**0633990 Eile (2)**
**0639000 (d) aon chuid eile den phlanda**
**0640000 Pónairí cócó**
**0650000 Carúib**
Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair agus faoi mhodhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
**0700000 LEANNLUSANNA**
Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Ina theannta sin, tá roinnt faisnéise faoi shonraí faireacháin sainaitheanta ag an gCoimisiún Eorpach mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
**0810000 Spíosraí ó shíolta**
**0810010 Ainís**
**0810020 Calaindí**
**0810030 Soilire**
**0810040 Lus an choire**
**0810050 Cuimín**

**0810060 Lus mín**
**0810070 Finéal**
**0810080 Feinigréag**
**0810090 Noitmig**
**0810990 Eile (2)**
**0820000 Spíosraí ó thorthaí**
**0820010 Ilspíosra/pimeantó**
**0820020 Piobar Szechuan**
**0820030 Cearbhas**
**0820040 Cardamam**
**0820050 Caor aitil**
**0820060 Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)**
**0820070 Fanaile**
**0820080 Tamarain**
**0820990 Eile (2)**
**0830000 Spíosraí ó choirt**
**0830010 Cainéal**
**0830990 Eile (2)**
**0840010 Liocras**
**0840030 Tuirmiric/curcuma**
**0840990 Eile (2)**
**0850000 Spíosraí ón mbachlóg**
**0850010 Clóibh**
**0850020 Caprais**
**0850990 Eile (2)**
**0860000 Spíosraí ó phistil bláthanna**
**0860010 Cróch**
**0860990 Eile (2)**
**0870000 Spíosraí arail**
**0870010 Maicis**
**0870990 Eile (2)**

Tá roinnt faisnéise faoi bhailíochtú modhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Ina theannta sin, tá roinnt faisnéise faoi shonraí faireacháin sainaitheanta ag an gCoimisiún Eorpach mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**1011010 Matán**
**1011020 Saill**
**1011040 An duán**
**1011050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1011990 Eile (2)**
**1012040 An duán**
**1012050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1013040 An duán**
**1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1014040 An duán**
**1014050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1015030 An t-ae**
**1015040 An duán**
**1015050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1016020 Saill**
**1016040 An duán**

**1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1016990 Eile** (2)
**1017010 Matán**
**1017040 An duán**
**1017050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**
**1017990 Eile** (2)
**1020000 Bainne**
**1020010 Eallach**
**1020020 Caoirigh**
**1020030 Gabhair**
**1020040 Capall**
**1020990 Eile** (2)
**1030000 Uibheacha éan**
**1030010 An chearc**
**1030020 Lacha**
**1030030 Géanna**
**1030040 Gearg**
**1030990 Eile** (2)

Tá roinnt faisnéise faoi bhailíochtú modhanna anailíseacha sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 30 Meitheamh 2028, nó mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**1011030 An t-ae**
**1012010 Matán**
**1012020 Saill**
**1012030 An t-ae**
**1012990 Eile** (2)
**1013010 Matán**
**1013020 Saill**
**1013030 An t-ae**
**1013990 Eile** (2)
**1014010 Matán**
**1014020 Saill**
**1014030 An t-ae**
**1014990 Eile** (2)
**1015010 Matán**
**1015020 Saill**
**1015990 Eile** (2)
**1016010 Matán**
**1016030 An t-ae**
**1017020 Saill**
**1017030 An t-ae**
**1040000 Mil agus táirgí beachaireachta eile** (7)
**1050000 Débheathaigh agus Reiptílí**
**1060000 Ainmhithe inveirteabracha talún**
**1070000 Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**’

(2) i gCuid A d'Iarscríbhinn III, scriostar an colún le haghaidh comhdhúile copair.